Gmail **Cormac Ó Confhaola** [redacted]

---

## Comórtas 2024

2 messages

---

**Cormac Ó Confhaola** [redacted] 12 April 2024 at 11:18
To: [redacted]

Comórtas 2024

Tá Cumann Cispheile Mhaigh Cuilinn agus Cumann Cispheile na nGael tágtha le chéile arís i mbliana chun an dara eagrán do Chomórtas Cispheile na Gaeltachta a reachtàil, a bheas ar bun Dé Sathairn 13 Aibreán 2024. Is é Sportlann Naomh Anna i Leitir Móir, an áis ghalanta a bheidh na cluichí ar siúl.

Tá tacaíocht agus maoiniú flaithiúil cúrtha ar fáil ag Oifigí Pleanáil Teanga, Mhaigh Cuilinn, Ceantar Dhuiche Sheoigheach agus Bearna. Ár míle buíochas leo dá bharr.

Cé go raibh bliotsa meascaithe faoi 15 reachteáilte anuraidh d'imreoirí as scoileanna Chonamara agus Cumann Mhaigh Cuilinn, i mbliana beidh an chéad Chomórtàs idir chlubanna faoi 14 do bhuachaillí Mhaigh Cuilinn, a gcomharsáin Bearna agus Corr na Móna.

Déanadh cinneadh déanach chun comórtas na gcailíní a chur ar athló de bharr bháis thrágóideach imreoir óg Mhaigh Cuilinn, Ciara Bowden i Mí an Mhárta, beidh nóiméad ómóis roimh an Chluiche Ceannais do Chiara agus a clann. Táthar ag súil go n-eagrófar comórtás na gcailíní i rith an tSamhraidh.

Is cinnte gur lá spraoiúil, spóirtiúil a bheas ann, áit a dtabharfar seans d'imreoirí óga na Gaeltacha a gcuid tallann cispheile a thaispeáint, agus leiriú go dtéann an Ghaeilge agus an chispéil láimh le láimh.
Beidh gnáth rialacha Cispheile faoi 14 i gceist, agus rial breise a thugann tús áite don Ghaeioge. Cuirfear fainic ar aon imreoir nach í an Ghaeioge atá in úsáid acu, agus gearrfar feall teicniúil air, an darna huair.
Beidh an reiteoireacht agus obair na
n-oifigeach bord ar fad á dhéanamh trí mheán na Gaeilge mar a bheas gnáth imeachtaí an lae.

Mar aon le haon Chómortas eile, bronnfar cupán ar na seaimpiní, ach dar ndóigh is í príomh aidhm an lae, ná go dtabharfar an pobal leathan cispheile níos gaire dá chéile agus go neartóidh sé an cairdreamh idir na clubanna chun an Ghaeilge agus an Chispheil ag choinneáil beo sa Ghaeltacht.

I dtéannta an Chómartas foirne, feicfear an chéad Chomórtas "Hotspot" freisin, áit a mbeidh beirt imreoirí roghnaithe as gach foireann chun páirt a ghlacadh i gcomórtàs scóraltha in aghaidh an chloig. An té leis is mó pointí scóráilte ag fáil an chéad onóir mar an chéad sheaimpín "Hotshot" i 2024.

Tá an chosúlacht air go mbeidh an- lá spóirt, craic agus cispheile trí mheán na Ghaeilge ann.

Tagaigí linn ón 10r.n -2i.n. !!!

Breis eolais le fáil anseo:

Sent from my Cormac's iPhone

---

**Mail Delivery Subsystem** <mailer-daemon@googlemail.com> 12 April 2024 at 11:18
To: [redacted]

## Address not found